





**DO THEANGA - DO ROGHA! YOUR LANGUAGE - YOUR CHOICE!**

**DO THEANGA - DO ROGHA! YOUR LANGUAGE - YOUR CHOICE!**

**Inis Dom!... Cuid de stráitéis náisiúnta**
Tá Grúpa Comhairleach Gnó, le ionadaithe ó gach cuid den tír, bunaithe ag Foras na Gaeilge le obair ar fhorbairt agus feidhmiú an chláir tacaíochta agus áirde 'Gnó means Business'

Mar chuid den togra seo, tá taighde leathan á dhéanamh ag Foras na Gaeilge dírithe ar aird a chur ar na buntáistí a ghabhann le Gaeilge a úsáid i gnó laethúil i mbaile na hInse.

Lena cheangal leis an clár 'Gnó means Business' tá fáil ag **'Inis Dom!'** ar thacaíocht na hachmhuinne náisiúnta chun bealaí a fhorbairt le Gaeilge a úsáid ar bhonn laethúiul in Inis.

Le tuileadh eolais a fháil ar úsáidí praicticiúla eile do Ghaeilge i do ghnó, téigh chuig 'Gnó means Business' ar **www.gaeilge.ie**

**Inis Dom!... Part of a national strategy**
Foras na Gaeilge has established a Business Advisory Group with representatives draw from around the country to work on the development and implementation of the 'Gnó means Business' support and awareness programme.

As part of this initiative, Foras na Gaeilge are conducting extensive research aimed at heightening awareness of the advantages of the use of Irish in the commercial sector.

**'Inis Dom!'**, through its association with the 'Gnó means Business' programme, can avail of the support of this national resource in developing practical ways to promote the use of the Irish language on a every day basis in the town of Ennis.

For further information on other practical uses of Irish in your business check out 'Gnó means Business' on **www,gaeilge.ie**

AN INITIATIVE TO BRING
BILINGUAL SHOPPING TO ENNIS

# inis dom!

SHOPPING AS GAEILGE IN ENNIS

Foras na Gaeilge

Gnó MEANS BUSINESS

Ennis CHAMBER
IN BUSINESS FOR BUSINESS






**Cad é Inis Dom!?**
Fáilte go dtí an fiontar nua seo **'Inis Dom!'** ina bhfuil aird faoi leith tugtha ar fheidhm agus ar úsáid na Gaeilge i gnó in Inis. Is í aidhm an fhiontair seo ná lárfhoinse eolais a sholáthar do ghnónna ar mian leo leas a bhaint as an nGaeilge mar uirlis ghnó inúsáidte agus éifeachtach.

**Conas a chuideoidh sé le mo ghnó?**
Tá clár leathan seirbhísí agus tacaíochta á shíorfhorbairt faoi láthair ag Foras na Gaeilge trínár bhfeachtas sainbhrandála 'Gnó means Business' ar mhaithe le húsáid phraiticiúil na Gaeilge a éascú agus a mhéadú laistigh den earnáil ghnó. Déanfaidh **'Inis Dom!'**, mar chuid den mhór-iarracht seo, úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Creidimid go láidir gur féidir leis an nGaeilge buntáistí agus breisiúlacht a thabhairt do gach cineál gnólachta ar dhóigheanna éagsúla, bíodh Gaeilge líofa agat nó ná bíodh fiú!

Tá borradh mór tagtha cheana féin faoi chleachtas an dátheangachais in earnáil an ghnó phríobháidigh agus phoiblí araon agus, i gcomhair leis an mBéarla, tá tréithe uathúla na Gaeilge á n-úsáid anois ag an Lucht Gnó go han-éifeachtach mar uirlis mhargaíochta ar chomharthaíocht, stáisteanóireacht, phacáistíocht agus fhógraíocht.

**Cén Fáth Inis?**
Tá Inis aitheanta le blianta beaga anuas mar bhaile ina bhfuil forbairt agus borradh tagtha ar úsáid na Gailge inti. Tá príomh-dhuais Ghlór na nGael buaite ag an baile ceithre uair chomh maith le Gradam Tidy Towns le Gaeilge dhá uair.

**What is Inis Dom!?**
Welcome to the new initiative **'Inis Dom!'** which focuses on the everyday use of the Irish language as a medium for doing business in the town of Ennis. The aim of this initiative is to provide a central source of information to businesses who wish to use the Irish language as a practical and productive business tool.

**How will it help my business?**
Foras na Gaeilge is constantly developing a wide programme of services and support through a special branding campaign 'Gnó means Business' which aims to facilitate and increase the practical use of Irish within the business sector. **'Inis Dom!'**, as part of this overall initiative, seeks to promote the use of Irish by costumers and businesses alike in everyday transactions throughout the town. We strongly believe that the Irish language can be a great advantage to every type of business in various ways, even if you don't have fluent Irish!

Recent times have seen the practice of bilingualism become increasingly popular in both the public and private business sectors and, accompanying English, the unique characteristics of the Irish language are being effectively harnessed by the Business Community as a marketing tool on signage, stationery, packaging and advertisements.

**Why Ennis?**
In recent years, Ennis has been recognised as a town in which significant expansion and development has occurred in the use of Irish. The town has won the Glór na nGael National Award on four occasions and the Tidy Towns le Gaeilge twice.

**Timpeallacht láidir Ghaeilge**
Tá cur chun cinn na Gaeilge in Inis níos láidre anois ná mar a bhí sé riamh.

Faoi stiúr 'An Clár as Gaeilge Teo.' tá sraith imeachtaí agus deiseanna á eagrú ó cheann ceann na bliana, chun an teanga a chur chun cinn go raibh mór-thionchar poiblí acu, agus atá tar éis Inis a chur chun tosaigh mar scoth-ionaid forbartha na Gaeilge sa tír.

**An Clár as Gaeilge Teo.**
Togra Páirtnéireachta Forbairt Teanga Pobail do Chontae an Chláir

Ó bunaíodh an togra seo i 2002, tá an-chuid oibre déanta aige i gcur chun cinn na Gaeilge in Inis agus sa Chontae trí chéile.

Is togra pobal-bunaithe é, go bhfuil ionadaithe air ó na grúpaí pobail go léir atá gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge tríd an Contae agus mar sin, tá fáil isteach aige ar obair phobail ag leibhéal éifeachtach, áit gur féidir leis an tiochar is mó a bheith aige.

Tá an togra á eagrú ag crao Craobh na hInse de Chonradh na Gaeilge atá gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge sa bhaile le breis is tríocha bhliain.

**Strong Irish Environment**
The promotion of Irish in Ennis as an everyday language has never been stronger.

Under the direction of 'An Clár as Gaeilge Teo', a series of events and opportunities promoting the language are organised throughout the year, which have had a major public impact and have put Ennis to the forefront of centres of excellence in promoting Irish in the country.

**An Clár as Gaeilge Teo.**
A Community Language Development Partnership for County Clare

Since this initiative was set up in 2002, it has carried out significant work in promoting Irish in Ennis and throughout the County.

It is a community-based initiative, which has representatives from all the groups who are active in the promotion of Irish in the County and consequently, it has access to community work at an effective level, where it can have most impact.

This initiative is organised by the Ennis branch of Conradh na Gaeilge, which has promoted Irish in the town for over thirty years.